C/2024/1604

15.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11455 – LGP / HG / IRIS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1604)

1. An 8 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Leonard Green & Partners ('LGP', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Hg Capital ('Hg', an Ríocht Aontaithe),

— Perennial Newco 2 Ltd ('IRIS', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Hg faoi láthair.

Gheobhaidh LGP agus Hg rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar IRIS.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta i gcothromas príobháideach é LGP a dhíríonn go príomha ar infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí tomhaltóirí agus gnó agus seirbhísí cúraim sláinte, mar aon le seirbhísí i réimse an mhiondíola, an dáilte agus na tionsclaíochta,

— Is infheisteoir é HG i ngnólachtaí bogearraí agus seirbhísí, agus díríonn sé ar an Eoraip agus ar na Stáit Aontaithe agus tá oifigí infheistíochta aige i Londain, München, Páras, Nua-Eabhrac agus San Francisco,

— Is soláthraí bogearraí agus seirbhísí gnó é IRIS do ghnólachtaí cuntasaíochta agus FBManna, go príomha sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe. Díríonn réitigh bhogearraí IRIS ar thrí earnáil: Cuntasaíocht, Párolla & Acmhainní Daonna, Oideachas.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11455 – LGP / HG / IRIS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË